# Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

03 Meitheamh 2021

Cois Fharraige – fóram um pleanáil teanga

## POSTANNA SNA FORBACHA!

Tá Naíonra Réalt na Mara atá lonnaithe i Scoil na bhForbacha sa tóir ar bheirt mhúinteoirí luathbhlianta do Mhí Meán Fómhair 2021. Caithfidh Teastas FETAC Leibhéal 5 ar a laghad chomh maith le Gaeilge mhaith a bheith ag na daoine a cheapfar. Seol litir, C.V agus cóipeanna de theastais maraon le dhá litir mholta chuig forbachasc@gmail.com roimh 4 Meitheamh 2021. Go n-éirí libh a chairde.

## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE

Tá an scéim **Gaelchara** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minice sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an bhfoghlaimeoir agus ar an meantóir. Le páirt a ghlacadh nó le breis eolais a fháil faoin scéim, déan teagmháil le optchois fharraige@gmail.com Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bígí i dteagmháil linn!!

GAELCHARA – CHOIS FHARRAIGE –

## COIS CAOLÁIRE

Go gairid tar éis na Nollag críochnaíodh an bealach coisithe le gur féidir siúl cois cladaigh ón Airdín Buí chomh fada leis an gCéibh Nua sa Spidéal. Tá sé socraithe anois gur **Cois Caoláire** a thabharfar ar an tsiúlóid seo. **Cois Caoláire** an teideal atá ar an tríú cnuasach gearrscéalta le Máirtín Ó Cadhain as an gCnocán Glas. Tá cead pleanála faighte le dealbh den scríbhneoir clúiteach a chur ina sheasamh ag an Airdín Buí. Tá sé socraithe freisin **Droichead Timín** a thabhairt ar an droichead thar Abhainn Bholuisce i gcuimhne ar Timín Joe Tim Ó Curraidhin, an duine is mó a rinne obair leis an droichead a chur chun cinn.



## SIOPA CCCF AR OSCAILT ANOIS

Tá siopa fíorúil Chumann Camógaíochta Chois Fharraige i gcomhair le *Bodibro*ar oscailt as seo go dtí an 14 Meitheamh. Tá na feistis go hálainn agus tá raon leathan earraí ar fáil. Is féidir iad a chéannacht ach cuairt a thabhairt ar chuntas FB an chumainn ag Cumann Camógaíochta Chois Fharraige. Maith sibh a chairde!




## SEÓ TALLAINNE

Tá comórtas Seó Tallaine á reáchtáil ag Óige na Gaeltachta. Seolaigí isteach bhur gcuid TIKTOKanna nó físeáin suas go nóiméad ar fhad ag léiriú bhur gcuid tallann agus buanna. Seol an t-ábhar chuig joanne@ muintearas.com nó chuig *Facebook* Óige na Gaeltachta roimh 08/06.

## COMÓRTAS LE FÍBÍN!

Ar mhaith leat do phictiúr a bheith le feiceáil ar an gclár nua teilifíse **Gailearaí Scú Scú.** Tá Fíbín ag eagrú comórtas iontach d'ealaíontóirí óga na tíre an samhradh seo. Níl ort ach pictiúr a tharraingt bunaithe ar an téama 'An Domhan mór thimpeall orm' Seol do phictiúr chuig eolas@fibin.ie

## FOLÚNTAS: COMHARCHUMANN SAILEARNA

Tá Comharchumann Shailearna sa tóir ar bhainisteoir cúnta faoi oiliúint.Beidh an té seo lonnaithe san oifig i Seanscoil Sailearna sna hAille. Duine cruthaíoch, tionscantach atá uathu. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.cst.ie nó trí ríomhphost a sheoladh chuig sailearna@gmail.com. Níl le déanamh ach litir iarratais, chomh maith le CV agus sonraí teagmhála de bheirt mholtóirí a sheoladh chuig Bainisteoir CST, faoin 5.00 i.n. ar an Aoine, 11 Meitheamh le cur isteach ar an bpost.

## FOLÚNTAS AG ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá Scoláireacht Chumarsáide, a mhairfidh suas le dhá bhliain, á thairiscint ag Údarás na Gaeltachta do dhuine fuinniúil, cruthaitheach a bhfuil Gaeilge líofa aici/aige, chun taithí phraiticiúil agus oiliúint fhoirmiúil a fháil i réimse na cumarsáide, an chaidrimh phoiblí agus na margaíochta. Seol iarratas mar aon le C.V trí Ghaeilge, roimh 4i.n. Dé hAoine 4 Meitheamh 2021

Údarás na Gaeltachta

## CÚRSA ÁILLEACHTA!

Tá Muintearas ag reáchtáil Cúrsa Áilleachta le Caroline Ní Chonaire MUA. Tá an cúrsa seo feiliúnach do dhaoine óga 10-24 bliain d'aois, a bhfuil suim acu i mbuneolas faoi stíleanna smididh éagsúla agus cúram craicinn. Cúrsa 4 seachtaine a bheas anseo agus beidh an cúrsa á thabhairt ar an gcóras Zúm. Má tá suim agat sa gcúrsa seo, seol ríomhphost chuig angela@muintearas.com roimh an gCéadaoin an 9 Meitheamh!



## SEO Í AN GHAELTACHT

Ba mhaith le hOifigigh Pleanála Teanga na tíre cloisteáil uaibh! Bain úsáid as an haischlib #SeoÍAn Ghaeltacht le grianghraf/físeán/amhrán/dán ar na meáin shóisialta le rá linn céard is brí leis an nGaeltacht duitse, nó céard é an rud is fearr leat faoin nGaeltacht. Beidh málaí féiríní á mbronnadh ar na hiontrálaithe is fearr agus tá mórdhuais de €1000 don úsáid is fearr den haischlib le linn na seachtaine 9-16 Meitheamh. Ná déan dearmad clibeáil a dhéanamh orainn nó teagmháil a dhéanamh linn ag optchoisfharraige@gmail.com




## RITH SHIN SHEÁIN 2021

Tá ag éirí go hiontach ar fad leis na gasúir atá i mbun traenála i láthair na huaire do Rith Shin Sheáin 2021. Féach thíos ar ghasúir rang a hAon, rang a Trí agus gasúir rang a Sé as Scoil na bhForbacha agus iad ag traenáil don rás a bheas ar siúl ar an gCéadaoin 23 Meitheamh. Is gearr uainn an rás mór anois! Ádh Mór ar chuile dhuine a bheas páirteach sa rás.




**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá scéilín, nuaíocht nó fógra ar mhaith libh a scaipeadh linn i Scéal, Scéal, Scéal...is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com**

## LÁ'I CHOLMCILLE DÉ CÉADAOIN 9 MEITHEAMH.

Beidh Lá'I Chomhcille á cheiliúradh ar an gCéadaoin 9 Meitheamh. Naomh dúchasach é ColmCille a bhfuil an- nasc aige le ceantar Chois Fharraige agus bliain ar leith atá ann i mbliana mar gur 1,500 bliain ó shin a rugadh é ar an 7 Nollaig 521. Is cinnte go mbeidh neart den phobal ag déanamh an turais ina ómós ag an tobair i mBaile na hAbhann mar a rinne na glúnta romhainn ar Lá an Phatrúin.



